

<b>Ainm an Tionscadail</b>	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
<b>Buntaifeadh</b>	T5
<b>Ainm an Agalláí</b>	Anna Nic Suibhne
<b>Ainm an Agallóra</b>	Dónall Dinny Ó Gallachóir
<b>Dáta an Agallaimh</b>	09/03/2006
<b>Suíomh an Agallaimh</b>	Baile na Finne
<b>Ainm an Tras-scríbhneora</b>	Anna Ní Pheanróis

(gáire)

(sos)

(--)

**Tús bréige**

\\_\_\_\_\_'

**Focal dothuigthe**

\\_\_\_\_\_+'

**Níos mó ná focal amháin dothuigthe**

....

**Beirt ag caint ag an am amháin**

[ ]

**Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

**DÓNALL:** Bhuel inniu tá mé i mBaile na Finne ag Anna Nic Suibhne agus tá sí ag dul a inse cúpla scéal maith domh. Ba ghnách léithe páirt a ghlacadh san Oireachtas agus bhain sí an chéad áit na blianta ó shin. So, tá muid ag dul a thosach anois, cén scéal a thosós tú inniu?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Tá mé ag gabháil a insint duit fá dtaobh, fá Anna Cuinn, dán, dán atá ann.

**DÓNALL:** Maith go leor, abair an dán le do thoil.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea.

**DÁN:**

**ANNA NIC SUIBHNE:** Tráthnóna Dé Domhnaigh a thosaigh an chaoín,  
Fríd bhaile an taobh díomhaoín, bhí faire is bhí righin,  
Nuair a d'fhiafraigh mé an t-ábhar,  
'sé dúirt Eoghan Ó Gloinn gur ardaigh an bás go breá uainn,  
Anna Cuinn.

**DÓNALL:** Iontach maith.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sé dúirt Johnny Bán gur mhithid di é  
Ná go raibh sí ag fáil bháis le glanadh an lae.  
"Tá Anna" arsa Susan "faoi choimrí an rí  
Is d'fhág sí a cábán ag Páidí Phaidí" (gáire)

**DÓNALL:** (Gáire)

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ní raibh sin ariamh aici  
Toitín ná teo  
Ná ba chara do dhuine nuair a bhí sí beo  
Is guímse an tArdRí 's na haingle go léir  
Í a thabhairt na bhFlaitheas mar ealla san spéir.  
Ach anois tá mé tuirseach ag caoineadh is ag caoin  
Rachaimid ar ár nglúine agus tosóidh muid a ghuí,  
Le aingle na bhFlaitheas casán glan fíor a thabhairt dá  
hanam 's dá hanam go fíor.  
Ar bhruach Loch Finne tá Anna ina luí, a haghaidh leis an  
scroig 's a tóin leis an chlaí,  
'S nuair a shéidfeas Naomh Mícheál an trumpa go binn, sé  
déarfás Naomh Peadar, siúd suas Anna Cuinn.

Sin deireadh anois.

**DÓNALL:** Iontach maith. Tá sin galánta.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Nach bhfuil sin deas?

**DÓNALL:** Tá sin ina dhán galánta Gaeilge.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea, bhuel, sin Anna Cuinn. Agus bhí sí ina cónaí soir ansin ar an Mhín Mhór, bhfuil a fhios agat, ag taobh `\_\_\_\_\_`.

**DÓNALL:** Sea. Agus cé a scríobh an dán?

**ANNA NIC SUIBHNE:** É?

**DÓNALL:** Cé, cé scríobh an dán sin, an bhfuil a fhios agat? Cé, cé a chum an dán sin, cé a scríobh sin? Cé, cé scríobh an dán?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Scríobh?

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Cé a scríobh é? Níl, sin agat é, níl a fhios againn.

**DÓNALL:** Níl a fhios agat, right.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó, níl a fhios againn. Ach tá a fhios agamsa sin anois ó bhí mé i mo, ó bhí mé ar an scoil.

**DÓNALL:** Ó bhí tú i do thachrán bheag, sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Is fada sin, aye, ó bhí mé ar an scoil, is fada sin, aye. Agus ní dhear mé dearmad má tá, ní dhéanfaidh tú dearmad ar chorr ar bith....

**DÓNALL:** Ní dhearn.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus tá mise go buartha nár fhoghlaim mise, Mícheál James a bhí air, Mícheál, bhí sé ina chónaí thuas ar, os coinn an áit a, bhí mé féin beo, tháinig mé ar an tsaol, agus bhí mé amach agus isteach go minic ann. Agus, Mícheál, bhí sé, fame air ag inse scéalta. Ó, bhí achan scéal aige agus d'ínis sé, ó, d'ínis sé, an rud scéalta domhsa 's ní choinnigh mé dear.., chuimhne ar cheann ar bith ach ar eh, Manus Ó Maolagáin agus inseoidh mé Manus anois duit.

**DÓNALL:** Inis Manus domh mar an bean mhaith ann.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea. An dtosóidh mé ag....?

**DÓNALL:** Tosaigh.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhuel, Manus Ó Maolagáin, bhí sé ina chónaí thall ansin ar an Mhín Mhór agus bhí sagart na paróiste na nGleannta le hathrú agus bhí na daoine uilig, ó, bhí siad iontach buartha fá dtaobh de ná bhí sé, sagart iontach deas a bhí ann agus ní raibh siad i gcoinne é imeacht. Agus, bhí lá, Oíche Shamhna a bhí ann ar scor ar bith agus fuair Manus amach agus shiúl sé thart agus bhí an ghealach lán agus bhí na réaltóga ag léimní in san spéir agus Dia inniu a dúirt sé, dá mbeadh a fhios agamsa go raibh dóigh ar bith agamsa le ghabháil na Rome, rachainnse anocht. Agus, d'amharc Manus thart agus beithíoch capaill ina sheasamh lena thaobh agus fear ina shuí sa diallait agus scairt an fear anonn air agus, bhéarfaidh mise tú, a Mhanus, a dúirt sé, bhéarfaidh mise tú, léim suas ansin agus rinne sé sin agus léim sé suas ar chúl an fhir agus shuigh sé ar a chúl agus d'ímigh siad leofa gur dtáinig siad fhad leis an Spáinn.

Agus, Dhia arsa Manus, dá mbeadh a fhios agamsa go raibh mé ag teacht na Spáinne, chuala mé i gcónaí go raibh síoda iontach deas acu agus cheannóinn cuid de. Bhuel, arsa an fear a bhí leis, níl dada dá do choinneáil ar ais. Tóg leat an chloch bheag seo agus go isteach agus, eh, agus faigh cibé atá de dhith ort. Agus chuaigh sé isteach. Fuair sé isteach an tsiopa agus cheannaigh sé achan '\_\_\_\_\_', ach má tá bhí rud inteacht eile agus níl a fhios agam fá France, chuaigh muid go dtí na Fraince ansin agus bhí rud inteacht a dúirt sé nach bhfuil sé, níl mé ábalta smaoineamh caidé an rud a bhí, bhí ansin, bhfuil, caidé atá, what's France famous for?

**DÓNALL:** Fíon, wine.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Wine, sin mar a bhí. Ó, arsa Manus dá mbeadh a fhios agam go raibh mé ag teacht na Fraince, thiocfadh liom cúpla...

**DÓNALL:** Buidéal fíona.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Buidéal fíona a bheith na bhaile liom.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhuel, arsa an fear eile, tóg leat an chloch sin agus go isteach sa tsiopa sin thall agus thig leat cibé an méid fíona atá de dhith ort. Rinne sé, rinne Manus sin. Agus chuaigh sé isteach agus fuair sé dheireadh, fuair sé cibé a bhí dhith air. D'ímigh sé leo, d'ímigh siad leofa ansin ag teacht ar Rome, agus tháinig siad, tháinig siad fhad le Rome, agus eh, chuaigh siad fhad leis an sagart na paróiste '\_\_\_\_\_' agus dúirt siad, d'ínis siad an scéal do sagart na paróiste go raibh, go raibh, go raibh an sagart na nGleanntach le hathrú agus bhí na daoine iontach worrialte, upset agus achan sórt fá dtaobh do agus bhuel, arsa, arsa an sagart, rachaidh mise fhad leis an phápa duit agus inseoidh mé an scéal dosan, caidé má '\_\_\_\_\_' atá agat agus chuaigh sé isteach, chuaigh sagart, sagart a bhí, sagart na paróiste agus d'ínis sé do an, fán sagart

na nGleanntach thíos in Éirinn ná níl léir le rá ar scor ar bith ach déarfadh siad '\_\_\_\_\_'.  
Scor ar bith, chuaigh, chuaigh sé isteach agus d'ínis sé deireadh, d'ínis an sagart, d'ínis sé deireadh don tsagart agus d'ínis an sagart ansin, d'ínis sé don phápa é agus dúirt an pápa nuair a léigh sé an litir agus nuair a chuala sé an scéal uilig, dúirt sé, bhuel, scríobh sé síos litir agus d'ínis sé, thug sé an litir do Mhanus ar ais, bhuel seo litir chugatsa anois a dúirt sé agus ansin thusa, thart na nGleanntach agus tug, fág ansin é, tabhair do sagart na paróiste an litir seo agus ón lá sin go dtí an lá inniu, ní athraíodh sagart paróiste na nGleanntach.

**DÓNALL:** Tá sin suimiúil , nach bhfuil?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sin, tá sé iontach fada ceart go leor.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam, sin scéal maith.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea, scéal beag maith atá ann. Ach tá sé iontach fada. Bhuel, sin anois mar a bhí sé nuair a bhí, ní athraíodh na sagairt, ní athraíodh sagart paróiste na nGleanntach.

**DÓNALL:** Aha, I know. Inis domh, a Anna fá ghabháil na scoile in do óige. Chuaigh tú go dtí an scoil i mBéal an Átha Mhóir, an bé.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** Chuaigh tú na scoile i mBéal an Átha Mhóir.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Chuaigh, Béal an Átha Mhóir just down here, aye.

**DÓNALL:** Sea, caidé mar a bhí sin, a Anna?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó, maith, bhí sé iontach deas, Béal an Mhóir, bhí.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Miss O'Donnell agus Master Gallagher a bhí againn san am sin.

**DÓNALL:** Mmm, hmm.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Miss O'Donnell, agus as Sealagán ise agus ní raibh i bhfad againn le teacht ach bhí toile amuigh go minic agus b'éigean, chaithfinn siúl thart fhad le '\_\_\_\_\_', bhfuil a fhios agat.

**DÓNALL:** Mmm, hmm.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Níl a fhios agat an áit sin iontach maith?

**DÓNALL:** Níl aithne mhaith agam air, níl.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Níl a fhios, ní bheadh a fhios agat é. Bhuel, eh.

**DÓNALL:** So, ar fhág tusa an scoil ag ceithre bliana déag nach an raibh tú go hóg nuair a d'fhág tú.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** Ar fhág tú an scoil go hóg agus.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó d'fhág, níor fhág mé go hóg, iontach óg ach fán go bhfeicfidh tú, bhí mé sé bliana déag agus, nuair a d'fhág mé an scoil. Bhí mé sé bliana déag cinnte agus ansin, bhí Con agus Danny thall i nGlasú, bhfuil a fhios agat, 's bhí

mé abhus, bhí mé thall go minic acu, ar holiday agus anonn agus anall agus ansin, chuir siad ceist orm a ghabháil. Ní dheachaigh mé anonn ceart go leor, bhí mé ag obair i mBaile Átha Cliath ag dochtúir tamall an chéad uair.

**DÓNALL:** An raibh?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí, dochtúir Brian O, throat, nose and ears specialist, chuala mé go raibh sé marbh fosta, agus you know, bhí mise, bhí sé ann, bhí mise ann tamall maith agus bhí siad iontach deas, bhí mé ag cookal bhfuil a fhios agat, daofa.

**DÓNALL:** Sea, obair tígh.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus, bhí siad iontach deas fosta, bhí siad ina gcónaí ag Ballsbridge i mBaile Átha Cliath agus bhí an bhean, ba as Dún na nGall ise, Dún na nGall a bhí sé pósta, bhí siad iontach dóighiúil agus bhí triúr de pháistí acu. Bhí mé, is minic a bhí mé ag smaoineamh, Dermot agus Donncha agus Mary, cá háit a raibh siad an bhfuil a fhios agat. Creidim áit inteacht ná bhí, bhí nuns uilig connectailte leofa, na sagairt, bhfuil a fhios agat agus creidim gur sin an áit a bhfuair siad, na sagairt ná rud inteacht mar sin. So anyway, sin mar atá.

**DÓNALL:** Chaith tú cúpla bliain ansin, ag obair ansin?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** Chaith tú cúpla bliain i mBaile Átha Cliath ?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó, chaith cinnte.

**DÓNALL:** Agus d'imigh, d'imigh tú go Glascú ina dhiaidh sin, an bé?



**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus d'ímigh mé go Glascú ansin ina dhiaidh sin, d'ímigh.

**DÓNALL:** Agus, caidé an cineáil oibre a rinne tú i nGlascú, a Anna?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** Caidé an cineál obair a rinne tú i nGlascú?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Cookal, bhfuil a fhios agat, housekeeper, sea.

**DÓNALL:** Sea. Raibh tú ag dochtúir?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ag Lady Doctor, just an bheirt againn, sin deireadh sa teach, just an dochtúir, bhí sí beo go raibh sí ceád bhliain, bhí, aici, chuirfinn isteach ina home le dada í, choinnigh mé ar fad í agus d'amharc mé ina diaidh go raibh sí, is ní, ó ní chuirfinnse isteach an dochtúir 's bhí, bhí siad ag iarraidh ormsa, ó 'Put the doctor in a home, Anna'. 'Oh, indeed I will not' I says. 'I'm just looking after her myself' so I looked after her.

**DÓNALL:** So chaith tú leath chéad bliain i nGlascú a dúirt tú.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Chaith. Chaith cinnte. Leath chéad, chaith. Seo, chorr a bheith sin ar scor ar bith nuair a fuair mé anonn.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí mo dheartháireacha thall, an dtuigeann tú, sea?

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Danny, 's, tá siad marbh anois, fosta.

**DÓNALL:** Is, cén pháirt a deachaigh tú i nGlasú?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** Cén pháirt de Ghlasú a deachaigh tú?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhuel, Con, bhí Con in Springford, Springford a bhí sé, Haystreet, Springford.

**DÓNALL:** Agus cén pháirt a raibh tú féin ann a Anna?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sure, tháinig sé anall abhaile ar ais. Ná phós sé girseach as thall ansin, Theresa Burke, phós sé ise 's, ba ghnách léi a bheith ina cónaí thíos in East Kilbride agus tá mo, tá mo, tá nieces agam anois in East Kilbride. So, bíonn siad ag iarraidh orm a ghabháil anonn (gáire) ag amharc orthu agus.

**DÓNALL:** Agus cén pháirt de Ghlasú a raibh tú féin ann a Anna?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó, Queen's Drive. Queens Park.

**DÓNALL:** Queens Park.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhfuil a fhios agat Queens Park?

**DÓNALL:** Tá a fhios. Tá a fhios agam.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhuel Dhia, sin an áit a raibh mise agus is iomaidh am a chuaigh mé isteach go Queens Park agus bhí dhá uair off agam i gcónaí in the

afternoon, bhfuil a fhios agat agus bhéarfainn liom leabhar agus rachainn isteach na páirce agus shuinn ansin.

**DÓNALL:** Sea, sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea agus bhí an dochtúir iontach maith domh, ó bhí mé millte, bhí mé millte aici 's bhí sí, bhí sí iontach maith domh, níor phós sí ariamh, an dochtúir, níor phós mise ach oiread agus níor phós sise agus bhí sí iontach maith agus bhéarfadh sí, nuair a bheadh sise ag gabháil áit ar bith, síos go Ayr ná suas go Perthshire bhéarfadh sise mise léithe, bhfuil a fhios agat, rachainnse léi, ar an charr. Bhí carr aici, bhí sí carr aici, ó 1920 a bhí sí tiomáint, bhí sí tiomáint carr, bhí. Bhí sí iontach deas. As Kilbarken í, Kilbarken. Sea. First Lady Doctor in Glasgow.

**DÓNALL:** Ó, bé?

**ANNA NIC SUIBHNE:** She was, yeah.

**DÓNALL:** So, bhí léir Éireannaigh thart fán áit a raibh tú, nach raibh a Anna?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** Bhí léir Éireannaigh thart fán áit sin fosta, nach raibh?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí.

**DÓNALL:** Bhí léir Éireannaigh ansin?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea, bhí ceart go leor. Iontach deas, bhí.

**DÓNALL:** Right, bhuel, a Anna, b'fhéidir go bhfuil tú ag gabháil a inse scéal inteacht eile domh inniu an bhfuil?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** An bhfuil tú ag gabháil a inse scéal beag ar bith eile domh inniu?

**ANNA NIC SUIBHNE:** An bé sin an scéal, an darna ceann agam?

**DÓNALL:** Sea. Bhuel, maith thú.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Tá mé buartha fá sin, ná, ná, Manus Ó Maolagáin, sin anois é agus shíl mise go raibh Manus Ó Maolagáin níos faide ná sin ach níl, is cosúil. Níl a fhios agam duine ar bith anois a mbeadh scéalta ar bith aige. Lord, inniu, bhí Micí an '\_\_\_\_\_' thíos anseo, thíos ansin an bhealach mór, Micí Mc Menamin agus bíonn Owenie, chím é thiar ar na Gleannta, théim siar ag an Centre, bhfuil a fhios agat, Déardaoin, agus Dear, Déardaoin, Dé Luain agus Dé Máirt. We go over there for lunch usually, you know agus bíonn sé, Owenie, tá sé rud beag ceirthimeach bhfuil a fhios agat, Owenie ach caithfidh mé fiafraigh do bhfuil scéalta ar bith don athair aige.

**DÓNALL:** Mmm, mmm. Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Fiafróidh mé do. Chífidh mé ar an tseachtain seo chugainn é.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus chífidh mé, ná tá, ó, Micí, bhí sé, fame ar Micí.

**DÓNALL:** A athair.

**ANNA NIC SUIBHNE:** A athair, athair, Owenie, agus níl duine ar bith fágtha anois ach, ach Owenie, agus..

**DÓNALL:** Bhain tú féin ag an Oireachtas, Anna, ag rá an scéil sin?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí mise ag an Oireachtas i mBaile Átha Cliath, sin an rud a d'inis mé. D'inis mé an scéal sin cinnte.

**DÓNALL:** Manus Uí Dhomhnaill.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí mé thuas ag an Oireachtas, fan go bhfeicfidh tú, ó b'éigean tú a ghabháil síos go Rann na Feirste agus an scéal a inse an chéad uair.

**DÓNALL:** Sea, sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus d'inis mé thíos in Rann na Feirste an scéal agus ansin fuair mé litir ansin le ghabháil suas go Baile Átha Cliath agus bhí mé thuas ansin, agus bhí muid thuas, d'fhan muid in Gardiner Street, sin an áit ar fhan muid, Gardiner Street.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus, tá cuimhne mhaith agam, tá cuimhne mhaith ar fad agam ar sin, agus bhí sé iontach deas. Seachtain a fuair muid agus bhí muid ar an wireless, ní raibh television ar bith san am sin.

**DÓNALL:** Ní raibh, ní raibh.

**ANNA NIC SUIBHNE:** No, wireless, so. Anyway, chuala mo mháthair mo ainm scairte amach agus bhí an-bhród uirthi go raibh sí...

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Go bhfuair mé fríd, bhfuil a fhios agat. Leis an scéal.

**DÓNALL:** Agus cén bhliain a bhí ansin, Anna?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó, bhuel, bhí sin, fan go bhfeicfidh tú, cén aois a bhí sin, ó bhí sin tamall maith ó shin, fada sin ó shin, creidim, leora, tá dearmad, níl mé ábalta cuimhne.

**DÓNALL:** Is cuma.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ach b'fhéidir go dtiocfadh sé go dtí mo cheann arís, ní thig liom smaoineamh anois ar ná ní thig liom smaoineamh caidé an t-am a bhí sé. Ach. Ó, tá mé suráilte go bhfuil sé tamall maith ó shin ar scor ar bith. (Gáire) Tá.

**DÓNALL:** Tá, ach bhain tú ar scor ar bith a Anna.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** Bhain tú ar scor ar bith, bhain tú ag an Oireachtas an lá sin.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Glascú.

**DÓNALL:** Bhain tú ag an Oireachtas an lá sin tá mé ag rá. Sos.  
Bhain tú ag an Oireachtas, i mBaile Átha Cliath, an lá.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhain cinnte. Bhain mé, bhain mé ag an Oireachtas ansin agus fuair mé síos, seas suas agus bhain mé thíos an chéad uair i Rann na Feirste, suas ansin ag an Oireachtas, agus fuair muid `\_\_\_' agus bhain muid ag an Oireachtas ansin.

BRISEADH SAN FHUAIM

**ANNA NIC SUIBHNE:** Gaeilge `\_\_\_\_', tá mise ar shiúl, all the years a bhí mise i nGlascú 's tá, ní labhair mé focal amháin Gaeilge i rith an ama a bhí mé ar shiúl.

**DÓNALL:** Ní labhair ach ní chaith...

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó, ní, níor labhair mé focal ná ní raibh duine ar bith le Gaeilge a labhairt leat.

**DÓNALL:** Ní raibh.

**ANNA NIC SUIBHNE:** An dochtúir a bhí mé aige, bhí sí iontach deas agus ansin bhí cousin di ina chief of the, of the, the Royal in Glascú.

**DÓNALL:** An raibh, raibh?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Dochtúir Archie Mc Rory agus bhí sise, ba leisean a theacht fá choinne a dhinnéar, bhí an dinnéar acu achan oíche ag an seacht agus rinne mise dinnéar. 'You're a damn good cook' Dr. Archie used to say to me. 'You're a damn good cook'. Agus bhí sé iontach deas, Dr. Archie ach tá siad uilig marbh, bhfuil a fhios agat anois le fada, tá.

**DÓNALL:** Aha, tá a fhios agam.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus, ach bhí saol fada acu, an bhfuil a fhios agat.

**DÓNALL:** Bhí.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ach fuair Dr. Archie bás ina chodladh go díreach. Bhí an-aird aige ar '\_\_\_\_\_', d'ólfadh sé braon.

**DÓNALL:** D'ólfadh sé braon.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Aye, d'ólfadh Dr. Mc Rory braon beag fíona lena dinnéar go díreach, ó bhí siad really deas, daoine deas a bhí iontu, aristocrats, bhfuil a fhios agat, daoine deas, sea.

**DÓNALL:** Sea, tá a fhios agam.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó, bhí siad iontach deas, bhí. Bhí oiread aird agam a bheith ann. D'fhan mé acu fá choinne deich mbliana is fiche.

**DÓNALL:** D'fhan tú.

**ANNA NIC SUIBHNE:** D'fhan cinnte. Bhí sí iontach deas, an dochtúir, ní fhágfainn ar rud ar bith í. Bhí mé le pósadh agus dúirt mé leis an fear, ó, bhí achán sórt arrangement agam, ó, dúirt mise, I couldn't leave the doctor. (gáire)

**DÓNALL:** Agus níor fhág.

**ANNA NIC SUIBHNE:** I was terrible '\_\_\_\_'+, I know. But, ah, I don't think he was that awfully upset anyway, I just said, 'I'm sorry', I said, 'Oh God, I can't leave my own wee doctor, 'cause I've been looking after her so long.' Whatever was telling me that, I don't know.

**DÓNALL:** Agus d'fhan tú.

**ANNA NIC SUIBHNE:** D'fhan mé.



**DÓNALL:** D'fhan tú, yeah.

**ANNA NIC SUIBHNE:** D'fhan mise ag an dochtúir agus ansin, bhí Dochtúir Stockhart, she, she's, Belgian a bhí inti-se agus, agus, fuair sise bás roimhe Dr. Mc Rory, agus dúirt sí, dúirt sí liomsa, dúirt an niece, de Dr. Mc Rory, dúirt sí, cur an dochtúir isteach in a home anois. Ní chuirfidh mise, ní chuirfidh mise isteach in home ar bith í. Tá mé ag gabháil a amharc ina diaidh mé féin, agus ba ghnách liom í, ba ghnách léi a lámh a chur thart ar mo mhuineál agus chuirfinnse isteach mo lámh ar a droim, bhfuil a fhios agat, thógfainn aníos í agus suigh suas in sa leaba 's achan sórt, an créatúr, ná bhí sí ina luí ar feadh cúig bliana ná mar sin.

**DÓNALL:** An raibh?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí, agus na nurseannaí, ní thigeadh siad isteach achan mhinic, bhfuil a fhios agat, achan seachtain nó mar sin.

**DÓNALL:** No, bhí an obair, bhí an obair uilig le déanamh.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ah, '\_\_\_\_' a bheith i mo shuigh. Bhí mé óg san am sin, agus díreach thóg mé í agus ní raibh trioblóid ar bith agam ar chorr ar bith san am sin. Ní raibh ar chorr ar bith, bhí sí iontach deas agus ní raibh bother ar bith agam.

BRISEADH

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí bun an bhaile uilig ar shiúl agus Theresa, do shílim, thoir ar an Bhrócaigh, níl a fhios agamsa cé acu an bhfuil scéal ar bith aici nó nach bhfuil. Caithfidh mé, thig liom í a fónal agus fiafraigh dithi.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** An bhfuil scéal ar bith aici. B'fhéidir go bhfuil. Níl a fhios agam ach tá sise, phós sise ar Pháidí Coyle agus tá teaghlach, cúigear a bhí aici, cúigear mac, agus tá siadsan pósta, tá fear acu aici sa teach, bhfuil a fhios agat, ar an Bhrócaigh, tá sí ina baintreach anois. Ach. Sos.

Agus d'ímigh mo dheirfiúir go Meiriceá nuair a bhí siad seacht mbliana déag.

**DÓNALL:** Ar imigh?

**ANNA NIC SUIBHNE:** D'ímigh. D'ímigh Nellie agus Mary. D'ímigh siad anonn ag uncail domh, go Montana, Montana.

**DÓNALL:** Montana.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Montana, agus sin an áit a raibh siad i gcónaí, na Sweeneys, bhí siad i gcónaí thall ansin. Roimhe sin, agus, chuaigh siad anonn. Bhí mo mháthair ag rá go dtáinig muid as Ramelton don chéad uair.

**DÓNALL:** An dtáinig, na Sweeneys?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Na Sweeneys a chuaigh amach ansin, sea.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea, Ramelton. Rath Maoláin, Rathmullan, thats right.

**DÓNALL:** Rathmullan. Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus, ansin, d'íniseodh mo mháthair sin domsa ar scor ar bith, agus, dúirt sí sin, sin an áit ar dtáinig siad as. Ach, chuaigh siad anonn ansin, mo

dheirfiúr, mo dheirfiúr is sine, chuaigh sí anonn ag seacht mbliana déag, agus an darna, dhá bhliain eatarthu agus d'fhan Nellie ansin go raibh sise seacht mbliana déag agus chuaigh sí anonn fosta.

**DÓNALL:** Chuaigh sise anonn.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Chuaigh sise anonn ansin. Agus, ansin chaith, bhí siad thall ansin gur, bhuel pósadh iad nuair a bhí siad bliain is fiche, níor fhan siad.....

**DÓNALL:** .....Níor fhan.

**ANNA NIC SUIBHNE:** .....i bhfad ar scor ar bith go raibh siad pósta 's teaghlach acu ansin iad, agus fuair siad anall go bhfeicfeadh siad mo mháthair, cúig chít, bhí siad abhus cúig chít uilig.

**DÓNALL:** An raibh?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí cinnte.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí, 's ó bhí oíche mhór againn, chuaigh muid síos go Shannon lena meetal s'acu '\_\_\_\_\_' 's bhí oíche mhór againn thuas fána gcoinne nuair a tháinig siad.

**DÓNALL:** Ó, tá a fhios agat

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí cinnte. Ó, bhí sé iontach deas san am sin. Agus ansin fuair, bhí mise amuigh ansin, bhí mé amuigh in Seattle.

**DÓNALL:** An raibh?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Seattle, bhí mo dheirfiúr, tháinig sí isteach go Seattle ansin, Dé hAoine agus fuair an fear s'aicise bás tobann fosta agus bhí fear den dhiaidh sin, Danny, tá seisean beo ar fad ach fuair Kathleen, fuair sí bás. Isn't that, iontach sad fosta, bhfuil a fhios agat, na rudaí a happenal.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ach bhí Nellie, pósadh ise in California agus tá iníon agus mac aici ansin ar fad agus scríobh, fuair mé cárta ansin an lá thar dheireadh uaidh, uaidh cheann, caithfidh mé ise a '\_\_\_\_' agus ba mhaith léi a theacht go hÉirinn bhfuil a fhios agat, ba mhaith léi a theacht anall.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Fuair a máthair, mo dheirfiúr, bhí an bheirt beo go raibh siad ninety four.

**DÓNALL:** An raibh?! Fuair siad aois mhór.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Nuair a fuair siad bás, sea. Bhí Mary ninety four, fuair sí bás agus ansin bhí Nellie, bhí sise ansin, nuair a bhí sise ninety four, fuair sí bás ach bhí saol fada acu, bhfuil a fhios agat.

**DÓNALL:** Nach raibh, bhí saol maith acu.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí cinnte, bhí. Á, ó bhí am iontach deas agam, bhí mé amuigh, an raibh tú amuigh am ar bith ariamh?

**DÓNALL:** Bhí mé amuigh am amháin in Meiriceá but.

**ANNA NIC SUIBHNE:** New York, an bé?

**DÓNALL:** New York, sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó, bhuel seo, fuair sinne go Seattle agus ní raibh mé in California ariamh, ní raibh mé thíos ansin ariamh, ní raibh. Ach tá, bhí sin deas.

**DÓNALL:** Raibh, raibh tusa sa bhaile nuair a d'ímigh do dheirfiúir go Meiriceá, raibh tú, raibh tú in sa bhaile ná raibh tú ar shiúl?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí mé sa bhaile.

**DÓNALL:** Agus an bhfuil cuimhne agat ar oíche American Wake, bhfuil cuimhne agat ar leithéid sin?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó bhíodh, tá cuimhne againn, bhí sin againn, bhí sé iontach buartha nuair a bhíodh duine ag imeacht.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sin mar a bhíodh sé.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea.

**DÓNALL:** Agus bhí scaifte istigh, na comharsan?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó bhí, na comharsan uilig thart istigh sular imigh duine ar bith ariamh. Agus ba ghnách le mo mháthair a ghabháil amach agus suigh thall ar an ard agus sinn uilig ag caoineadh, bhfuil a fhios agat, fá dtaobh daofa nuair a bheadh siad ag imeacht. (caoineadh)

**DÓNALL:** Mmm, hmm.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí.

**DÓNALL:** Agus an bhfuil cuimhne agat, bheadh music 's ceol agus rud mar sin ann?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus, ó bhí, agus ba gnáth leo a theacht anoir as an Ghlaiseach, fídléirí uilig.

**DÓNALL:** Ar ghnáth?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Tá cuimhne agam ar sin, tá.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus...

**DÓNALL:** Na Dohertys.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea cinnte. Ó gora, tá cuimhne mhaith, bhuel siadsan, siadsan ina gcónaí go díreach....

**DÓNALL:** ....Ag do thaobh.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Á, goda, thíos ag teach, gatehouse, bhfuil a fhios agat.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ag an teach, síos giota beag an bealach mór, sin deireadh.

**DÓNALL:** Muintir Simy.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Simy Doherty. Á, tá aithne mhaith agam ar Simy agus ar Nellie agus ar an teaghlach agus ba ghnách, bhí siad iontach mór liomsa i gcónaí.

**DÓNALL:** Mmm, hmm.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Déarfadh siad liomsa, 'we never made', ba ghnách leo béarla a labhairt like, oh they never made much friends with the rest but 'you're the only friendly one in the house', a déarfadh siad liomsa.

**DÓNALL:** An ndéarfadh?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus ba ghnách liomsa a ghabháil isteach acu agus nuair a thiocfainn amach, anall ón scoil, a ghabháil, a ghabháil isteach (gáire) agus dhéanfadh sí tae ansin domh agus achan sórt, Nellie bhocht, sin bean Simy. Ó agus John, bhí aithne mhaith agam orthu uilig, John, agus ar, agus ar Nellie agus, agus, sin bean Simy, sea.

**DÓNALL:** Ach thiocfadh siadsan anoir an oíche sin sula n-imeodh do dheirfiúir, bheadh siad ag bualadh sa teach, like bheadh, bheadh music 's achan rud mar sin ann?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** Bheadh ceol agus craic sula n-imeodh do dheirfiúir go Meiriceá.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Raibh ceol?

**DÓNALL:** Bheadh ceol ann 's na neighbours uilig istigh like.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí siad uilig istigh, bhí. Ó goda, bhí cinnte, oíche mhór againn.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí oíche mhór i gcónaí againn. Bé sin an rud, caide atá, American Wake?

**DÓNALL:** American Wake.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó bhí, chuala mé an t-ainm, chuala mé sin anois, American Wake.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Á bhí i gcónaí, bhí oíche mhór. Nuair a thiocfadh siad ar ais, bhí siad an dóigh chéanna. Nuair a thiocfadh siad ar ais na bhaile ar holiday.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus bhí siad uilig istigh agus bhí siad amuigh agus istigh, bhfuil a fhios agat, níl mórán.

**DÓNALL:** Mmm, hmm.



**ANNA NIC SUIBHNE:** Tithe beaga seo, níl, tá teach s'againn síos anois, níl sé, fuair muid, fuair muid suas teach úr agus fuair mo dheartháir suas teach úr. Tá sé marbh anois, fosta. Tá siad uilig marbh ach fuair mise anonn go hAlbain, níl duine ar bith beo anois, chorr a bheith ar chorr ar bith ach Theresa thoir ar an Bhrócaigh, mo dheirfiúr, agus eh.

**DÓNALL:** An bé, bé teach beag ceann tuí a bhí agaibh a?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** Bé teach beag ceann tuí a bhí agaibh a Anna?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea, teach beag tuí.

**DÓNALL:** Ceann tuí?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea, ceann tuí a bhí againn.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea cinnte. Agus, ó, tá, fuair siad suas, fuair siad council, fuair muid, ní raibh airgead ar bith san am sin againn.

**DÓNALL:** Sea, ceann úr.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus fuair mise isteach a fhad le Ruairí Walsh sna Gleanntaí agus dúirt me leis 'My brother would like a house', I said, 'Out in Mín na Srón.

**DÓNALL:** Mmm, hmm.

**ANNA NIC SUIBHNE:** What has it got to do with you agus bhí sé iontach, tá sé marbh é féin anois, Ruairí Walsh, bhfuil a fhios agat, bhí sé ina solicitor agus I says, 'My mother's there', I said 'and my brother and the family', I said 'are still there' and I says 'the water's running down the wall and everything. Oh, well, I'. 'Alright', he says then, 'You'll get a house'. That's how we got the house down there, nice house but now, Theresa's son bought it, the farm, wee farm.

**DÓNALL:** Yeah. But bhí naonúr de theaghlach, bhí naonúr sa teaghlach agaibh?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Eh?

**DÓNALL:** Bhí naonúr sa teaghlach?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí. Bhí. Chloigeann déag againn ann.

**DÓNALL:** Cloigeann déag sa teaghlach.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí, chloigeann déag agus fuair an ghirseach bheag bás nuair a bhí sí dhá mhí agus ansin, bhí, girseach bheag, bhí sí deich mbliana agus ní raibh a fhios acu i Leitir Ceanainn caidé a bhí cearr léi agus bhí sí ansin, thoir ansin an créatúr, agus bhí sí ag caoineadh le teacht na bhaile ara fad agus díreach, fuair sí bás agus, agus inflammation, burst appendix a bhí uirthi ar fad agus ní raibh a fhios acu. Burst appendix. Bhí sí deich mbliana, bhí sí iontach deas. Fuair sí bás. Ní raibh a fhios acu caidé a bhí cearr leithe.

**DÓNALL:** Agus caidé cineál oibre a rinne do athair agus do mháthair?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus thiocfadh leo dochtúirí as Doire ní.

**DÓNALL:** Ó, thiocfadh.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Dhia, bíonn ag cur isteach orm, sin an rud a bhíonn, bhímse...

**DÓNALL:** Ag cur isteach ort?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bíonn, fá sin. Agus dúirt mise, caide a bhí cearr le Doire agus nach dtiocfadh leo dochtúirí a fháil isteach as Doire agus '\_\_\_\_\_' go Leitir Ceanainn.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Fiú, dochtúir, dochtúir Mc Gill, like sin.

**DÓNALL:** Sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus bhí mo mháthair, ní raibh sí maith, bhí mo mháthair iontach tinn am amháin, bhí gallbladder trouble uirthi, agus dúirt an dochtúir léi anseo, 'caithfidh tú an dochtúir a fháil'. 'Ní bhfaighidh', arsa sise, 'níl mise gol a fháil dochtúir ar bith agus níl mise ag gabháil go Leitir Ceanainn', a dúirt sí, 'agus tá mé ag gabháil mo fhágáil mé féin ag Dia', agus fuair sí biseach.(Gáire) Agus ní dheachaigh sí fhad le, ní dheachaigh sí fhad le áit ar bith. Ní dheachaigh.

**DÓNALL:** (Gáire) No. Caidé cineál oibre a rinne do, rinne do athair agus do mháthair, caidé, caidé cineál oibre a rinne siad, raibh feirm aige ná tógáil?

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea, feirm agus eallach.

**DÓNALL:** Tógáil eallaigh.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Bhí i gcónaí trí, trí ba ná mar sin againn agus bhí agus ní raibh muid go holc agus gamhain, eallach óg, bhfuil a fhios agat.

**DÓNALL:** Sea, sea.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus bhí ár gcuid móna againn ar thine agus achan sórt mar sin, bhí cinnte.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ní raibh caill, caill ar bith orainn.

**DÓNALL:** Ní raibh ocras oraibh.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ní bhí, ní bhí Agnes, deirfiúr eile, tá sise marbh anois fosta, agus Con agus Danny agus Páidí, sé eisean a bhí ar an feirm i gcónaí....

**DÓNALL:** .....Mmm, hmm.

**ANNA NIC SUIBHNE:** .....a bhí ag obair ar an feirm sa bhaile.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam, tá a fhios agam.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Sea, agus bhí Danny agus Con thall i nGlascú

**DÓNALL:** Mmm, hmm.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Agus, agus bhuel, bhí mise anonn agus anall acu, bhfuil a fhios agat. Sea.

**DÓNALL:** Sea, tá a fhios agam. Bhuel go raibh míle maith agat anois a Anna agus b'fhéidir go bhfágfaidh muid.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ó, go `\_\_\_\_\_` mhaith duit, tá mé buartha nach bhfuil mé ábalta a bheith, cuidiú leat níos mó ag na scéalta.

**DÓNALL:** Rinne tú, rinne tú do dhícheall agus is maith tú.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Ach thiocfadh, tá mé ag gabháil a fónal Theresa anois go bhfeicfidh mé an bhfuil scéal ar bith aici.

**DÓNALL:** (Gáire) Maith tú, a Anna.

**ANNA NIC SUIBHNE:** Hold on. Just now, no, you can now.

**DÓNALL:** Go raibh maith agat.